



An
Bord
Pleanála

**Clár Oibre na
hÉisteachta ó Bhéal
ABP-311782-21**

Cás	Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh (Uimh. 2021) maidir le Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Duga - Uasghrádú Acomhail Ascaill Atlas agus Ascaill na Cúirte Brice, Bóthar an Duga, Luimneach.
Dáta	31ú Lúnasa 2022
Am Tosaithe	10.00am
Láthair	Ar líne – MS Teams

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal ná deis a thabhairt do na páirtithe uile, ar mian leo é a dhéanamh, aighneachtaí breise a dhéanamh, agus chun ligean don Chigire soiléire a lorg ar shaincheisteanna ábhartha a thagann chun cinn agus ar agóidí a dhéantar. Chomh maith leis sin beidh an deis ag páirtithe ceisteanna a chur nó soiléire a lorg maidir le haighneachtaí a dhéantar ag an éisteacht.

Níl aon oibleagáid ar pháirtithe aighneacht a chur faoi bhráid na héisteachta ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Breithneoidh an Cigire agus an Bord na haighneachtaí i scríbhinn uile a fuarthas cheana féin. Ar an gcúis sin, ní gá aighneachtaí a cuireadh isteach i scríbhinn roimhe seo a dhéanamh arís ag an éisteacht ó bhéal.

Iarrtar ar pháirtithe uile chun cuimhne a choinneáil ar nádúr an iarratais seo agus chun a chinntiú go bhfuil láithreoireachtaí nó ceisteanna ábhartha do nádúr an CPO (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh) seo. Meabhraítear duit nach bhfuil ról ná dlínse ag an mBord sa chinneadh, ná sa mheasúnú ar chúiteamh agus gur cheart sin a choinneáil

i gcuimhne maidir le haighneacht ar bith a chuirtear faoi bhráid na héisteachta seo mar ní dhéanfar aon phlé a éascú maidir le cúiteamh.

Nuair a bheidh an éisteacht ó bhéal críochnaithe, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh maidir leis an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh chun an CPO a dhearbhu nó a neamhniú.

Is féidir leis an mBord íocaíocht ranníocaíochta a ordú le haghaidh na gcostas do dhuine ar bith a thagann i láthair éisteachta ó bhéal, a thabhaigh an duine sin, mar thoradh ar theacht i láthair na héisteachta. Déanfar íocaíocht ar bith faoi rogha an Bhoird. Ba cheart aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtaine ón éisteacht seo.

Má tá sé ar intinn agat cóip i scríbhinn de d'aighneacht a chur ar fáil nó áiseanna amhairc a úsáid agus tú ag labhairt (láithreoireachtaí, léarscáileanna, grianghraif, srl.), ba cheart iad sin a chur isteach i bhformáid dhigiteach chuig an mBord 3 lá oibre ar a laghad roimh pháirt a ghlacadh san éisteacht (agus coinneofar iad ar taifead tar éis na héisteachta ó bhéal).

Déanfar aighneachtaí a chuirtear faoi bhráid na héisteachta ó bhéal seo a thaifeadadh ag soláthraí seirbhíse arna eagrú ag An Bord Pleanála. Níl cead agat na himeachtaí ag an éisteacht ó bhéal a thaifeadadh.

Tá an clár oibre agus an t-ord láithris don éisteacht ó bhéal leagtha amach thíos, in éineacht le clár ama. Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara gur clár ama táscach amháin é an clár ama sin, agus d'fhéadfadh sé athrú le linn na héisteachta ó bhéal.

AN CLÁR OIBRE	
	10.00am: Oscailt na hÉisteachta ag an gCigire
1	<p>10.15am: <u>Aighneacht le Comhairle Contae & Cathrach Luimnigh</u></p> <ul style="list-style-type: none"> i. Achoimre ghairid ar an CPO ii. Cosaint d'fháil na talún le tagairtí do na roghanna eile ar smaoiníodh orthu iii. Freagairt na Comhairle don aighneacht i scríbhinn a chuir an tAgóideoir isteach <p>[30 nóiméad.]</p>
2	10.45am: Sos (15 nóiméad)
3	<p>11.00am: <u>Aighneacht an Agóideora, ag tabhairt tuilleadh sonraí ar an aighneacht i scríbhinn:</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Patrick Gleeson Limited ▪ Freagairt ó Chomhairle Contae & Cathrach Luimnigh ag teacht go díreach ina dhiaidh <p>[30 nóiméad.]</p>
4	<p>11.30am: <u>Ceistiú idir na páirtithe mar a leanas:</u></p> <ul style="list-style-type: none"> i. An tAgóideoir chuig Comhairle Contae & Cathrach Luimnigh ii. Comhairle Contae & Cathrach Luimnigh chuig an Agóideoir

	<p>iii. An Cigire chuig Comhairle Contae & Cathrach Luimnigh nó chuig an Agóideoir nó chuig an dá pháirtí araon</p> <p>[45 nóim.]</p>
5	<p>12.15pm: <u>Tráchtanna Clabhsúir (más gá):</u></p> <p>i. An tAgóideoir</p> <p>ii. Comhairle Contae & Cathrach Luimnigh</p> <p>[Ba cheart nach mbeadh aon fhadhb nua nó aon ábhar nach ceadaítear ann.]</p>
6	<p>12.45pm: Clabhsúr na hÉisteachta ó Bhéal ag an gCigire</p>